# Coláiste de hÍde

Meas - Bród - Comhar

**Bóthar Chaisleán Thigh Motháin, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.**
**Fón** 01 4513984 **Facs** 01 4527075 **R-phost**: eolas@colaistedehide.ie
**Suíomh Idirlín** www.colaistedehide.ie

**Príomhoide:** Conchubhair Mac Ghloinn
**Príomhoide Tánaisteach:** Sarah Ní Mhuirí

# Polasaí Measúnaithe
# Coláiste de hÍde


**Iontráil** 3
**Polasaí Measúnaithe agus an Ráisteas Scoile** 3
**Réasúnach** 3
**Cuspóirí an Mheasúnaithe** 4
**Feidhm an Mheasúnaithe** 4
**Spriocanna** 5
**Tréithe an Dea-Chleachtais sa Mheasúnú** 5
**Measúnú Suimitheach** 6
**Measúnachtaí Foirmitheach** 6
**Scrúduithe na Nollag & Scrúduithe an tSamhraidh** 7
**An Sraith Sóiséarach Nua** 8
MRBanna 8
**Scrúdú Seachtrach Stát-Teastasaithe na Sraithe Sóisearaí** 8
**Measúnú san Idirbhliain** 9
**An Arteisteamaireachta** 9
**Rólanna agus Freagrachtaí** 10
Daltaí 10
Tuismitheoirí 10
Múinteoirí 10
**Tuaraisciú** 11
**Caimiléireacht** 11
**Úsáid Tástáil Chaighdeánaithe** 12

## Fís Scoile

Is i gcomhthéacs na físe scoile a bhfeidhmníonn na polasaithe éagsúla.

*“Tá sé mar aidhm againn i gColáiste de hÍde an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tré mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiníomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal.”*

## Polasaí Measúnaithe agus an Ráisteas Scoile

Tá sé mar aidhm againn i gColáiste de hÍde an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach tré mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith ins an scoil féiníomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal.

## Réasúnach

Tá an measúnú i gColáiste de hÍde mar chuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama. Tá ár measúnaithe deartha chun deimhnigh a dhéanamh go bhfuil na measúnaithe cothrom agus iontaofa, agus go chuidíonn siad le foghlaim na ndaltaí, monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn na ndaltaí, agus aiseolas luachmhar a chur ar fáil do na ndaltaí, do thuismitheoirí, agus do mhúinteoirí.

Tá an measúnú mar pháirt de phróiseas leanúnach bunaithe ar an-chuid gnéithe, mar shampla: obair bhaile, scrúduithe, ceisteanna, diaspóireachtaí, tascanna, tionscnamh, an punann agus cineálacha eile obair scoile. Bíonn na daltaí páirteach san fhoireann measúnaithe trí fhreagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin, a gcumas féin a bheith criticiúil agus spriocanna a leagan amach do gcuid obair ina dhiaidh sin.

Is é dualgais an múinteoir ábhar measúnú oiriúnach a chuir ar dhaltaí, agus úsáidtear measúnaithe suimitheach agus foirmitheach chun an aidhm seo a bhaint amach. Leagaimid béim ar dhifreáil agus cuirimid go leor modhanna measúnaithe ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla daltaí agus ar stíleanna foghlama difriúla.

Déanann an múinteoir ábhar taifead de na torthaí seo ar VSWare.

## Cuspóirí an Mheasúnaithe

I gColáiste de hÍde is é an spreagadh don mheasúnú:

- Sonraí a bhailiú agus a léirmhíniú ag leibhéal an duine aonair, an ranga agus na scoile uile
- Sonraí daltaí aonair a chur i gcomparáid le noirm ranga agus náisiúnta
- Riachtanais foghlama ar leith daltaí agus grúpaí daltaí a aithint
- Cur le straitéis na scoile do mheasúnú na ndeacrachtaí foghlama
- Monatóireacht agus taifid a thiomsú ar dhul chun cinn agus ghnóthachtáil daltaí
- Cumarsáid a éascú idir tuismitheoirí agus múinteoirí maidir le forbairt, dul chun cinn agus riachtanais foghlama na ndaltaí
- Rannpháirtíocht daltaí i measúnú a gcuid oibre féin a éascú
- A chur ar chumas múinteoirí monatóireacht agus mionathrú a dhéanamh ar a bpleanáil chun a chinntiú go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh ar riachtanais foghlama ar leith daltaí/grúpaí aonair.
- Eolas a thabhairt don Phlean Feabhsúcháin Scoile

| Feidhm an Mheasúnaithe | |
|---|---|
| Tá **ceithre fheidhm** measúnaithe ann lena n-áirítear foirmitheach, meastóireachta, suimitheach agus faisnéiseach | |
| **Foirmitheach** | Cabhraíonn sé leis na daltaí sa phróiseas foghlama. |
| **Meastóireacht** | Cuidíonn sé leis an múinteoir na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ar fáil a mheas. Bíonn baint ag na daltaí freisin le measúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin. |
| **Suimitheach** | Soláthraíonn sé eolas le haghaidh tuarascálacha agus taifid scoile. |
| **Eolas** | Soláthraíonn sé eolas do thuismitheoirí agus don chéad mhúinteoir eile. |

## Spriocanna

- Úsáid a bhaint as measúnú foirmitheach i bpleanáil agus i gcleachtaí múinteoirí sa seomra ranga.
- Úsáid a bhaint as measúnú suimitheach chun eolas a chur ar fáil do na daltaí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí faoin méid dul chun cinn atá déanta sa phróiseas foghlama.
- Chun leananúnachas a chuir ar fáil i measc na múinteoirí agus na ceachtanna, chun lig do daltaí thuiscint a fháil ar an méid atá bainte amach acu agus ar a háit a d'fhéadfadh leo feabhas a chur air.

| Measúnú Suimitheach | | |
|---|---|---|
| **Ainm an Measúnú** | **Blianta i gceist** | **Mí** |
| Measúnú Téarma 1 | 1, 2, 3, 4, 5 & 6 | Deireadh Fomhair |
| Scrúduithe na Nollag | 1, 2, 3, 5 & 6 | Samhain/Nollaig |
| *Tuairisc ar dhul chun cinn* | *4* | *Nollaig* |
| Bréagscrúduithe | 3 & 6 | Eanair/Feabhra |
| Measúnú Téarma 2 | 1, 2 & 5 | Mí na Márta |
| Creidiúintí na hIdirbhliana | 4 | Bealtaine |
| Scrúduithe an tSamhraidh | 1, 2 & 5 | Bealtaine |

## Measúnachtaí Foirmitheach

De réir Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe[1], is é measúnú sa oideachas an t-iarracht sonraí a bhailiú, ciall a bhaint as agus a úsáid maidir le próisisí agus toradh an fhoghlama.

Moltar Measúnú Foirmitheach trí:

- Na hintinní fhoghlama an rang a roinnt ag tús an rang
- Ceisteanna ard agus íseal a chur, agus freagraítear le linn na ranganna iad
- Athbhreithniú ar obair na laethanta roimhe sin trí cheisteanna, plé, úsáid na gcuid acmhainní nó trí mion-thástálacha
- Obair bhaile a thabhairt agus slite chun an obair bhaile a cheartú
- Ceisteanna ó pháipéir scrúdaithe
- Ceisteanna doiciméad-bunaithe
- Crítear reatha a roinnt leis an rang
- Féinmheasúnú
- Piarmheasúnú
- Diaspóireachtaí
- Scafláil

Difreáil:
- Ceisteanna íseal agus ceisteanna ordú
- Rogha ceisteanna/tascanna a thabhairt mar obair bhaile

[1] https://ncca.ie/ga/foilseacháin-taighde/cáipéis%C3%AD-comhairliúcháin/, rochtain ar 23ú MF 2023

- Rogha ceisteanna/tascanna a thabhairt i tasc
- Obair péire agus grúpa le rólanna éagsúla

# Scrúduithe na Nollag & Scrúduithe an tSamhraidh

I rith Scrúduithe na Nollag agus an tSamhraidh tugtar amchlár do na scoláirí, agus leanann na múinteoirí róta a chuirtear ar fáil dóibh roimh na scrúduithe. Déanfaidh Coláiste de hÍde a dhícheall i gcónaí Ionad Speisialta a chur ar fáil do dhaltaí le riachtanais bhreise.

Tá an múinteoir ábhair freagrach as a chinntiú:

- Go bhfuil an t-am cuí socraithe don scrúdú san ábhar.
- Go bhfuil fad an scrúdpháipéir oiriúnach don am atá tugtha.
- Go gcuirfí an páipéar scrúdaithe ar fáil trí Gaeilge agus Béarla araon chun tacaíocht a thabhairt do scoláirí le riachtanais bhreise.
- Go bhfuil an páipéir scrúdú san oifig sa cabinéid cuí leis an ábhar, dáta agus am an scrúdú marcáilte go soiléir ar an bhfilteáin.
- Go bhfuil a fhios acu cad iad na scrúduithe atá siad ag feitheoireacht acu agus má tá aon athruithe ar an róta, chun é sin a chuir in iúl don rúnaí measúnaithe nó bainistíocht.
- Go dtuigeann siad ról an Chúntóra agus an Fheitheoir mar atá leagtha amach thíos.

### Díreach Roimh an scrúdú:

- Má tá am "stáidéar" ann roimh an céad scrúdú, eagraigh an seomra (spás idir gach duine) agus déan plean suíocháin. D'fhág an cóipcrua ar bhord an múinteora agus seol pictiúr trí ríomhphost.
- Bailíonn an cúntóir na scrúdaithe ón oifig. Más feitheoir thú, téigh díreach chuig an seomra scrúdaithe. Tabharfar gach rud chugat sa seomra scrúdaithe.
- Ba chóir go mbeadh rolla leis bhur scrúduithe, tóg an rolla ar an leathanch.
- Beidh an cúntóir ar fáil tríd rphost má tá sos leithris/aon rud eile uait.
- Bailíonn daltaí ón ionad na scrúduithe ón mbunrang ag tús an scrúdú.

### Deireadh an scrúdú:

- Bailíonn an fheitheoir na scrúdaithe ina mbunranganna.
- Tá sé dualgais na daltaí san ionad scrúdaithe speisialta na páipéirí a thabhairt ar ais cuig an bunrang ag deireadh.
- Cuir na scrúduithe ar ais san oifig (nó i lámh an múinteoir cuí!)

# An tSraith Shóiséarach Nua

## MRBanna

Cinntíonn measúnú na Sraithe Sóisearaí Nua go ndéantar raon scileanna a mheasúnú, i.e.
dalta a chur i gceartlár an phróisis foghlama. Críochnóidh daltaí Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) le linn am ranga sa 2ra agus sa 3ú bliain, a dtuairisceofar ar an Sóisearach Próifíl Gnóthachtála Rothaíochta (SPGR). Is féidir le dalta ceann amháin de 4 thuairisceoir grád (liostaithe thíos) a bhaint amach uair amháin:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionchas
- Ag teacht leis na hionchais
- Ionchais le baint amach fós

Sa chás nach bhfuil tuairisceoir do Mheasúnú Rangbhunaithe tugtha do dhalta, úsáidtear 'Ní Tuairiscíodh'. Níl aon achomharc i leith leithdháileadh tuairisceora gráid dalta.

Tá cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) ag múinteoirí ina déantar machnamh ar obair na scoláirí.

Ina theannta sin, déanann na scoláirí sa 3ú bliain Tasc Measúnaithe (i bhformhór na n-ábhar) atá 10% dá dtorthaí scrúdaithe deiridh.

Ar deireadh, nuair a fhaigheann na daltaí a Proifil-Ghnothachtala-Na-Sraithe-Soisearai (PGSS), is éard atá i ngráid na teanga seo a leanas:

Thar cionn ≥ 90 – 100
Ardtuillteanas ≥ 75 - < 90
Tuillteanas ≥ 55 - < 75
Gnóthaithe ≥ 40 - < 55
Gnóthaithe go páirteach ≥ 20 - < 40
Ní Tuairiscíocht ≥ 0 - < 20

## Scrúdú Seachtrach Stát-Teastasaithe na Sraithe Sóisearaí

- Tabharfaidh daltaí uile na Sraithe Sóisearaí faoi scrúdú scríofa.
- Cuirfear script an scrúdaithe agus an Tasc Measúnaithe chuig an CSS.
- Marcálfaidh an CSS na scrúduithe seo.
- De réir curaclam Coláiste de hÍde tabharfaidh daltaí faoi 9 n-ábhar ar a mhéad.
- Beidh Gaeilge, Béarla agus Mata ar fáil ag dhá leibhéal (Ard agus Gnáth).
- Beidh gach ábhar eile, atá ag feidhmiú faoi na sonraíochtaí nua, ar fáil ag leibhéal comónta amháin.

- Ní mhairfidh aon scrúdú faoi na sonraíochtaí nua níos faide ná dhá uair an chloig

## Measúnú san Idirbhliain

Tá córas creidiúntaí  i bhfeidhm don Idirbhliain. Má mhúineann tú ábhar ar feadh na bliana ar fad, tá fiche creidiúint ag dul don ábhar sin. Má mhúineann tú modúl ar feadh leathbhliana, tá deich gcreidiúint ann don ábhar sin. Moltar do mhúinteoirí ábhair pleanáil a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaidh siad measúnú ar scoláirí na hidirbhliana i gcaitheamh na bliana chun creidiúintí a bhaint amach san ábhar.

Coimeadann daltaí na hIdirbliana punann. Déanfar measúnú suimitheach ar phunanna na ndaltaí.

Tá tuilleadh eolais ar chlár na hIdirbhliana agus cúrsaí measúnaithe anseo:
[https://docs.google.com/document/d/1q6Y7YFcs3eNDikWQASMFh4nLGveTFviZ/edit?usp=sharing&ouid=115419363564092277794&rtpof=true&sd=true](https://docs.google.com/document/d/1q6Y7YFcs3eNDikWQASMFh4nLGveTFviZ/edit?usp=sharing&ouid=115419363564092277794&rtpof=true&sd=true)

# Rólanna agus Freagrachtaí

## Daltaí

Is é freagracht gach dalta:

1. Treoir na muinteoirí a leanúint maidir le hullmhúchán le haghaidh scrúdaithe;
2. Eagar a choimeád ar nótaí boga agus crua;
3. An iarracht is fearr agus is féidir a dhéanamh chun barr a gcumas a bhaint amach;
4. Iad féin a bhainistiú ó thaobh ama de roimh agus le linn scrúdaithe;
5. Scileanna Cumarsáide agus Cur i Láthair a fhorbairt;
6. Foghlaim faoi conas obair a dhéanamh le daoine eile;
7. Meon aigne dearfach, oscailte a bheith acu chun tuairimí agus smaointe éagsúla a mheas agus a thomhas;
8. A bheith sásta glacadh le aiseolas ó mhuinteoirí, agus feabhas a chur ar na gnéithe den bhfoghlaim a mholann an múinteoir;

## Tuismitheoirí

Is é freagracht gach tuismitheoir/caomhnóir;

1. A bheith páirteach i bhfoghlaim do pháiste;
2. Teagmháil rialta a bheith agat leis an Múinteoir Ábhar/Ranga agus/nó an Ceann Bliana maidir le dul chun cinn do pháiste;
3. Aon eolas a chuireann an scoil chugat maidir le measúnú do pháiste a léamh;
4. Dul chun cinn do pháiste a thuiscint agus a spreagadh;
5. Cinntiú go bhfuil do pháiste ar scoil agus in am gach lá;
6. Seiceáil rialta a dhéanamh ar nótaí agus féin-eagar do pháiste;
7. Áit chiúin a chur ar fáil do do pháiste chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh scrúdaithe;
8. Scileanna Cumarsáide agus Cur i Láthair a chleachtadh le do pháiste;
9. Gach deis a thabhairt dóibh scileanna praicticiúla laethúla a chleachtadh sa bhaile;
10. Gach tacaíocht a thabhairt do do pháiste le bheith réidh do Scrúdaithe Scoile agus Stáit;

## Múinteoirí

Is é freagracht gach múinteoir;

1. Dul chun cinn daltaí a thomhas agus athruithe a dhéanamh ar phleananna ábhair más gá;
2. Treoir agus comhairle a thabhairt do dhaltaí maidir le scrúdaithe;
3. Measúnú foirmitheach agus suimitheach rialta a dhéanamh ar dhaltaí chun riachtanaisí foghlama a ndaltaí a thomhas;
4. Súil ghéar a choimeád ar ord agus eagar nótaí gach dalta;
5. Teagmháil rialta a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le dul chun cinn an dalta;
6. Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí chun eolas faoi na MRBnna a sholáthair dóibh;
7. MúinteoiríRanga, Cinn Bliana agus Bainistíocht na Scoile a chur ar an eolas faoi dhaltaí ar a bhfuil buairt fúthu;
8. Deiseanna a thabhairt do dhaltaí a mbuanna a fhorbairt agus a úsáid sa mheasúnú;
9. Aiseolas soiléir agus treorach a thabhairt do dhaltaí ar conas feabhas a chur ar a gcuid foghlaim féin;
10. Athbhreithniú a dhéanamh ar a modheolaíochta teagaisc agus foghlaim féin;

# Tuaraisciú

Bíonn ar a laghad dhá seachtaine idir deireadh na scrúduithe agus spriocdáta na torthaí. Téann torthaí suas ar VSWare. Oscladíodh na torthaí arís ar feadh lá chun ligeaint do múinteoirí ranga agus cinn blianta a thuaraiscí a líonadh. Foilsítear ansin iad le go bhfeicfidh tuismitheoirí iad ar VSware.

# Caimiléireacht

Baineann caimiléireacht ar scrúduithe an bonn d'ionracas an phróisis mheasúnaithe agus de luachanna na macántachta agus na cothroime a sheasann an scoil. Cuimsíonn sé gníomhartha ar nós **cóipeáil ó dhalta eile, úsáid a bhaint as leabhair/nótaí/fóin srl, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile le linn scrúdaithe, nó cúnamh seachtrach** a lorg chun buntáiste éagórach a bhaint amach. Ní hamháin go ndéanann mí-iompar den sórt sin torthaí acadúla a scriosadh ach scriosann sé fíor-eispéiris foghlama ó na scoláirí freisin. Beidh iarmhairtí araíonachta ag aon dalta a aimsítear go ndearnadh caimiléireacht orthu, lena n-áirítear grád teip sa scrúdú, fógra tuismitheora, agus pionóis acadúla breise. Spreagann an scoil na scoláirí chun seasamh le hionracas acadúil trí ullmhú go freagrach agus a gcuid eolais agus scileanna a léiriú i ngach measúnú.

# Úsáid Tástáil Chaighdeánaithe

Tá sceideal do thástáil siciméidreacha sa scoil:

Sceideal

Measúnaithe sa Phróiséas Aistrithe (Rang 6):

1. CAT4 – Léibhéal E (Scrúduithe Cognaíochta) – Scóranna i Scóranna Caighdéanach. Leagan Páipéar x 70 Leabhrán  Téarma 2

2. Torthaí Dhroim Conrach Rang 6 – Scrúduithe Gnóthachtála (Léamh/Litriú Béarla, Mata agus Gaeilge) Scór i Sten

Bliain 1

3. WRAT5 – Scrúduithe Gnóthachtála – (Litriú, Léamh na bhFocal, Tuiscint Aibirte, Ríomh sa Mhata) – Scoránna I Scóranna Caighdéanacha
4. PPAD-E/I – Scrúdú Caighdéanacha – Léamh na bhFocal, Litriú, Luas Léitheoireachta, Léamhthuiscint, Samplaí Scríobhneoireachta. Téarma 1

Bliain 2

5. DOTS (Drumcondra Online Tests) – Scrúduithe Gnóthachtála sa Mhata/Léitheoireacht Gaeilge – Scóranna Caighdéanacha. Téarma 3

Bliain 3

6. WRAT5 – Scrúduithe Gnóthachtála – (Litriú, Léamh na bhFocal, Tuiscint Aibirte, Ríomh sa Mhata) – Scoránna i Scóranna Caighdéanacha (RACE).  Téarma 1

Bliain 4 (Molta)

7. Scrúduithe CAT4 – Léibhéal G – Scrúdú Cognaíochta – Scóranna Caighdéanacha AR LÍNE (torthaí réamh-mheasta) don Ardteist (Rogha Ábhair).  Téarma 2

Bliain 5/6

8. WRAT5 – Scrúduithe Gnóthachtála – (Litriú, Léamh na bhFocal, Tuiscint Aibirte, Ríomh sa Mhata) – Scoránna i Scóranna Caighdéanacha (RACE).  Téarma 3/Téarma 1

Scrúduithe Eile

- Access Maths (Foirm A/B) Leagan aistrithe go Gaeilge
- Diagnostic Reading Analysis (faoi 16)
- DASH – Detailed Analysis of Handwriting Speed
- Dyslexia Screener Test (faoi 16)
- Dyslexia Screener Test (thar 16)
- Dyslexia Screener and Guidance (Ar líne)
- Dyscalculia Screener and Guidance (Ar líne)
- New Group Reading Tests